An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC

SN Iosef Naofa
Maigh, An Leacht, Co. An Chláir
Uimhir rolla: 18339P

Dáta na cigireachta: 28 Feabhra 2011

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

1. Réamhrá

Gaelscoil í seo atá suite faoin tuath i bparóiste Shráid na Cathrach in iarthair an Chláir. Is scoil Chaitliceach í agus is é Easpag Chill Dalua atá mar phatrún uirthi. Tá an scoil seo aitheanta mar ghaelscoil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ó 1981, an bhliain inar athraíodh í ó scoil inar múineadh formhór na n-ábhar trí Bhéarla.

Tá 22 dalta ar an rolla anois, uimhir a léiríonn titim mhór ó bhliain na tuairisce deireanaí, 2002. Sroicheann formhór na ndaltaí leibhéal an-mhaith ó thaobh tinrimh de.

Dhírigh an mheastóireacht seo ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge, sa Bhéarla, sa Mhatamaitic agus sa Drámaíocht. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Oibríonn na hoidí go han-díograiseach chun leas na ndaltaí a chur chun cinn.
- Cothaítear atmaisféar fíordhearfach idir oidí agus daltaí.
- Moltar na daltaí as ucht a ndea-bhéasa agus a n-iarrachtaí chun foghlama.
- Tá foirgneamh agus áiseanna den scoth forbartha sa scoil seo.
- Moltar an bord bainistíochta agus na tuismitheoirí as an tacaíocht a thugann siad d'obair na scoile.
- Tugtar an-aire do chur chun cinn na Gaeilge sa scoil.
- Léiríonn anailís na gceistneoirí deimhneacht thar na bearta i ndearcadh na dtuismitheoirí agus na ndaltaí i dtaobh na scoile.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar próiseas timthriallach pleanála a bhunú sa scoil a dhíríonn ar phleanáil, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú.
- Spreagtar plean straitéiseach forbartha scoile don todhchaí a leagan amach.
- Sa Ghaeilge moltar tuilleadh béime a dhíriú ar fheasacht teanga na ndaltaí a fhorbairt a thuilleadh agus deiseanna breise a thabhairt dóibh an saorscríbhneoireacht a chleachtadh.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Tá an bord bainistíochta reachtaithe mar is ceart agus moltar tiomantas na mball feidhmiú de réir rialacha na Roinne Oideachais agus Scileanna chomh maith le treoracha dea-chleachtais. Coimeádtar miontuairiscí na gcruinnithe go cúramach agus tá tús curtha le deimhniú neamhspleách na gcuntas. Tacaíonn an bord go praiticiúil le hobair na scoile. Moltar go háirithe iarrachtaí an bhoird le déanaí chun bonneagar den scoth a chur ar fáil don oideachas. Cé go bpléitear cúrsaí polasaí ag cruinnithe an bhoird go rialta moltar taifead níos iomláine a dhéanamh ar an obair seo agus cinntiú go nglacann tuismitheoirí páirt níos mó i bpróiseas forbartha polasaithe.

- Is í an fhoireann bhainistíochta inscoile ná an príomhoide agus an leas-phríomhoide. Saothraíonn an príomhoide go dúthrachtach ar son na scoile. Coinníonn sé fócas tairbheach ar leas na ndaltaí agus cuireann sé béim inmholta ar chomhoibriú i measc na mball foirne agus na ngeallsealbhóirí. Tacaíonn an leas-phríomhoide go díograiseach proifisiúnta leis an obair seo. B'fhiú anois go rachadh na postshealbhóirí i gcomhairle lena chéile chun na dualgais éagsúla a shoiléiriú agus a chur ar bhonn foirmiúil de réir Ciorclán 07/03.

- Coinnítear an foirgneamh agus timpeallacht na scoile go slachtmhar dea-chóirithe. Cuirtear neart acmhainní cabhracha ar fáil don oideachas, cláir bhána idirghníomhacha ina measc.

- Sonraítear meas cómhalartach sna hidirghníomhaíochtaí idir oidí agus daltaí. Tá iompar na ndaltaí an-mhaith. Léiríonn torthaí cheistneoirí na ndaltaí go dtaitníonn an scoil leo, go mbaineann siad taitneamh as an teagasc agus go mbraitheann siad slán sábháilte ar scoil.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá dul chun cinn maith déanta ar fhorbairt na pleanála scoile uile. Tá polasaithe cuimsitheacha curtha le chéile do gach ábhar curaclaim agus do réimse leathan d'abhair riaracháin. Déantar athbhreithniú rialta ar na polasaithe. Chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an obair seo moltar próiseas timthriallach pleanála a bhunú sa scoil a dhíríonn ar phleanáil, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú. Chun luas na forbartha a rialú, d'fhéadfaí plean straitéiseach a leagan amach agus a aontú leis na comhpháirtithe.

- Tá tús maith curtha le nósanna féinmheastóireachta scoile cheana féin. Déantar anailís áirithe ar thorthaí na dtrialacha caighdéanacha ar bhonn scoile uile. Moltar na nósanna seo a chur ar bhonn foirmiúil agus a leathnú chun eolas níos fóintí a chur ar fáil ar ghnóthachtáil na ndaltaí agus chun spriocanna forbartha scoile a aithint.

- Soláthraíonn na hoidí ullmhúchán gearrthéarmach agus fadtréimhseach go coinsiasach dá gcuid oibre. Moltar aird níos mó a dhíriú ar dhifreáil an teagaisc chun soláthar níos cuimsithí a dhéanamh do riachtanais oideachasúla aonair na ndaltaí. Coimeádtar cuntais mhíosúla críochnúla ar dhul chun cinn na hoibre.

- Thug údaráis na scoile fianaise go bhfuil, de réir Imlitir Bunscoile 0061/2006, glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Treoirlínte do Bhunscoileanna um Chaomhnú Daltaí.* Tugadh fianaise freisin gur díríodh aire na bainistíochta, na foirne scoile agus na dtuismitheoirí ar na nósanna imeachta seo um chaomhnú daltaí; gur soláthraíodh cóip de na nósanna imeachta do bhaill uile na foirne (na baill nua uile san áireamh); agus go bhfuil deimhin déanta de ag an mbainistíocht go dtuigeann an fhoireann ar fad na

nósanna imeachta atá le leanúint. Tá duine ainmnithe idirchaidrimh agus ionadaí idirchaidrimh ceaptha faoi mar a éilíonn na treoirlínte.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Ar an iomlán, tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus gnóthachtáil na ndaltaí go maith tríd an scoil. Tá foireann chumasach oidí sa scoil agus tá atmaisféar foghlama tairbheach le feiscint sna suímh teagaisc. Sroicheann formhór na ndaltaí caighdeán creidiúnach, de réir a gcumas éagsúla, sna hábhair a ndearnadh measúnú orthu. Úsáidtear an clár bán idirghníomhach (CBI) go héifeachtach, go háirithe chun ceachtanna a chur i láthair. Feictear samplaí fónta den difreálú do theagasc an Bhéarla agus tá comhtháthú na n-ábhar curtha i bhfeidhm go héifeachtach. Moltar anois na cleachtais mhaithe seo a leathnú ar bhonn scoile uile. Ar mhaithe le rannpháirtíocht na ndaltaí, moltar tuilleadh éagsúlachta ó thaobh an chur chuige teagaisc agus modheolaíochta de a chur chun cinn. mar shampla, béim níos mó a chur ar an bhfoghlaim comhoibritheach.

- Múintear an Ghaeilge go héifeachtach tríd an scoil. Éiríonn leis na hoidí dearcadh an-dearfach a chothú i measc na ndaltaí i leith na teanga agus eiríonn leo an teanga a chur chun cinn go héifeachtach mar ghnáth-theanga chumarsáide. Sa bhunroinn leagtar béim chórasach ar rainn, amhráin agus gníomhaíochtaí éagsúla chun na ceachtanna a chur i láthair go bríomhar taitneamhach. San ardroinn úsáidtear an drámaíocht go tairbheach chun muinín na ndaltaí ina gcumas labhartha sa Ghaeilge a mhéadú. Úsáidtear leabhair bhreise Gaeilge ón leabharlann sa dá rangsheomra chun clár níos leithne a chur ar fáil sa léitheoireacht. B'fhiú anois go ndíreodh na hoidí ar fheasacht teanga na ndaltaí a fhorbairt a thuilleadh agus deiseanna breise a thabhairt dóibh chun an saorscríbhneoireacht Ghaeilge a chleachtadh.

- The quality of learning and teaching of English is good overall. Pupils' oral language skills are appropriately developed through class discussion as well as discrete oral language activities. Emergent literacy is encouraged effectively and early reading skills are taught systematically. Pupils are encouraged to read widely and suitable class novels provide an enjoyable focus for reading. In order to accommodate the various ability levels it is advised that a more differentiated approach to the teaching of English reading be adopted, particularly in the middle and senior classes. Written work, in various genres, is neatly presented and monitored regularly.

  Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Bhéarla go maith ar an iomlán. Forbraítear cumas cainte na ndaltaí trí phlé ranga chomh maith le gníomhaíochtaí scoite teanga. Cuirtear tús éifeachtach leis an litearthacht éiritheach agus múintear scileanna na luathléitheoireachta go céimiúil. Spreagtar na daltaí chun raon maith leabhar a léamh agus cuirtear le tarraingt na léitheoireachta trí úrscéalta oiriúnacha a chur ar fáil. Moltar difreáil níos mó a chur i bhfeidhm sa léitheoireacht Bhéarla, go háirithe sna meán agus sna hardranganna chun freastail ar na leibhéil éagsúla chumais. Léirítear an obair scríofa, i seánraí éagsúla, go néata agus déantar monatóireacht rialta ar an obair seo.

- Tá láidreachtaí le sonrú i dteagasc na Matamaitice ag gach leibhéal. Stiúrtar na ceachtanna go cumasach tarraingteach. Bunaítear roinnt mhaith den obair go fóinteach ar imshaol na ndaltaí féin. Leagtar béim thorthúil ar theanga na matamaitice ach tá dúshláin le sárú sa ghné seo den obair toisc go bhfuil daltaí a n-ullmhú don mheánscolaíocht Bhéarla. Moltar anailís níos géire a dhéanamh ar thorthaí measúnaithe na matamaitice agus pleanáil dá réir.

- Múintear an Drámaíocht go héifeachtach sa scoil seo agus léiríonn na daltaí go bhfuil siad breá cleachta agus féinmhuiníneach ag déileáil le gnéithe lárnacha an churaclaim drámaíochta. Moltar iarrachtaí na n-oidí samhlaíocht agus cruthaitheacht na ndaltaí a

chothú trí chluichí, rólimirt, mím agus tascanna comhoibreacha. Úsáidtear an drámaíocht chomh maith chun tacú leis an bhfoghlaim in achair eile an churaclaim, go háirithe an Ghaeilge. Tá seomra breá ilfhóinteach sa scoil a úsáidtear go feiliúnach chun na ceachtanna scoite drámaíochta a theagasc.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Tá cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go maith. Soláthraíonn oide tacaíochta foghlama agus acmhainne cúnamh sa bhreis sa Bhéarla, sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge, do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí léinn acu. Tá an post seo comhroinnte le scoil eile sa cheantar. Tá an tseirbhís seo tioncharach agus ábhartha do na daltaí i gceist i gcothú na scileanna cuí.

- Sna ranganna tacaíochta tugtar deis do na daltaí foghlaim trí ghníomhaíocht, baintear dea-úsáid as fearas nithiúil agus sonraítear ilghnéitheacht agus luas maith sna himeachtaí foghlama. Ullmhaítear cláir léinn aonair mar is cuí agus coinnítear taifead rialta ar an dul chun cinn. Sna cláir seo d'fhéadfaí aird níos mó a dhíriú ar na spriocanna foghlama chun a chinntiú go bhfuil siad sainiúil, soiléir agus inshroichte.

- Cothaítear caidreamh dearfach, comhoibritheach idir phobal na scoile agus na tuismitheoirí. Bíonn na tuismitheoirí rannpháirteach i saol na scoile go príomha tríd na himeachtaí seach-churaclaim a eagraítear, go háirithe i gcúrsaí spóirt. Léirítear ardleibhéal sásaimh leis an scoil i bhfreagraí na dtuismitheoirí do na ceistneoirí.

Foilsithe Éanair 2012